# OIDE -TREOIR

## NUACHTLITIR

TÉARMA A HAON 2025

## AG TACÚ LE TREOIR NA SCOILE UILE (TSU)



Fáilte ar ais chuig scoilbhliain úr!
Tá muid ag súil go mór le bheith ag obair le Treoirchomhairleoirí, Foirne TSU, agus gach ball foirne le treoir na scoile uile a neartú chun tacú le foghlaim agus folláine gach scoláire agus lena gconairí sa todhchaí

## UASDÁTÚ AR FHOIREANN TREOIRCHOMHAIRLE OIDE

Beidh Foireann Treoirchomhairle Oide faoi stiúir Barry Nolan, Stiúrthóir Rannáin, Ionduchtúchán Droichead i mbliana. Chomh maith leis sin, tá Niamh Uí Thuama, Ceannaire Foghlama Gairmiúla tagtha ar an bhfoireann i mbliana.



Barry Nolan
Stiúrthóir Rannáin



Joanne Parry
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil



Sinéad Duffy
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil




Niamh Uí Thuama
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil

## Conairí : Ag Tacú le Treoirchomhairleoirí le haghaidh Dul Chun Cinn Cuimsitheach do Scoláirí an 21ú hAois

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh Treoir ar fáil mar **eispéireas foghlama gairmiúla (EFG)** arís ar na cnuaslaethanta ábhair ar laethanta dúnta scoile in 2025/26.

**Conairí: Ag Tacú le Treoirchomhairleoirí le haghaidh Dhul Chun Cinn Cuimsitheach do scoláirí an 21ú hAois** is teideal do EFG na bliana seo. Tarlaíonn áirithint ag leibhéal na scoile, cinntigh go bhfuil a fhios ag do cheannaire scoile go bhfuil Treoir mar rogha anois do na cnuaslaethanta ábhair ar laethanta dúnta scoile arís i mbliana.


Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí
Nóta faisnéise do scoileanna
Lúnasa 2025, Eagrán 12

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. D'eisigh an Roinn Oideachais agus Óige an dara heagrán déag de Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, Nóta Faisnéise do Scoileanna. Cliceáil anseo chun teacht ar an téacs iomlán.

# AG TACÚ LE TREOIR NA SCOILE UILE (TSU)



Ní san oifig treoirchomhairle amháin a tharlaíonn treoir inár scoileanna. Tá an acmhainneacht ag gach comhrá, ábhar, agus eispéireas sa seomra ranga muinín, uaillmhian, agus ullmhacht don dul chun cinn a chothú inár scoláirí.

## AG CUMASÚ GACH OIDEACHASÓRA CHUN TODHCHAÍ NA SCOLÁIRÍ A MHÚNLÚ

I ngach seomra ranga, comhrá sa phasáiste, agus nóiméad foghlama, tógann scoláirí na scileanna, na luachanna agus an mhuinín a mhúnlóidh a saol taobh amuigh den scoil. Is ann don nuachtlitir seo chun tacú le gach ball foirne, ní le treoirchomhairleoirí amháin, chun an ról ríthábhachtach a imríonn gach duine againn chun scoláirí a ullmhú don saol, don fhoghlaim agus don obair a aithint.

As foghlaim ábhair a nascadh le scileanna fíorshaoil, athmhachnamh a spreagadh agus deiseanna ionchuimsitheacha treorach a leabú i gcleachtas an uile lae, is féidir linn a chinntiú go bhfeiceann gach scoláire féidearthachtaí ina dtodhchaí. Amharcaimis ar an dóigh ar féidir le gníomhartha beaga d’aon turas ar fud na scoile tionchar buan a imirt.

### TREOIR I NGNÍOMH: AN CHUMA ATÁ AR THREOIR NA SCOILE UILE

Sampla de nóiméid den treoir ar fud na scoile:

- Nuair a thugann múinteoir am athmhachnaimh ar na scileanna a úsáideadh i dtionscadal grúpa.
- Nuair a spreagann múinteoir scoláirí na hIdirbhliana chun taighde a dhéanamh ar ghairmeacha beatha.
- Nuair a úsáidtear turastail ó phoist san fhíorshaol chun céatadáin a theagasc i gceacht mata.

Is féidir nach n-aithníonn tú é, ach...

- Nuair a spreagann tú scoláire chun athmhachnamh a dhéanamh ar a láidreachtaí, sin treoir.
- Nuair a nascann tú d’ábhar lena úsáid san fhíorshaol, sin treoir.
- Nuair a chuidíonn tú le scoláire amlíne a phleanáil do thionscadal, sin treoir.

# TREOIR NA SCOILE UILE (TSU): CAD BA CHEART A BHEITH AR EOLAS AG GACH BALL FOIRNE BUNAITHE AR NÓTA FAISNÉISE 0001/2024

Is mó ná ábhar nó ról amháin í an treoir, is freagracht chomhroinnte na scoile uile í. Má bhíonn tú ag teagasc, ag meantóireacht, ag cóitseáil nó ag beannú do scoláirí ag an gheata, is cuid thú d'aistear féinfhollasaithe agus forbartha an scoláire. Aithníonn treoir na scoile uile an ról ar leith atá ag gach ball foirne chun tacú le forbairt phearsanta, shóisialta, oideachasúil agus gairme.

## Cén Chuma atá ar TSU i ngníomh?

B'fhéidir go n-áireofaí:

- Seisiúin scileanna staidéir sa Bhéarla nó san Eolaíocht
- Foghlaim thionscadalbhunaithe le naisc leis an bhfíorshaol sa Mhata nó sa Tíreolaíocht
- Tascanna athmhachnaimh san Idirbhliain, san OSPS nó le linn ama folláine
- Scileanna inaistrithe a aibhsiú (obair foirne, cumarsáid, réiteach fadhbanna) in ábhar ar bith
- Comhráite faoi ghairmeacha a spreagadh ag topaicí ranga, póstaeir, nó aoichainteoirí.

## Ag Pleanáil do TSU i Do Roinn

- Aimsigh an áit a bhfuil scileanna 21 haois á bhforbairt
- Ceistigh: "Cá bhfuil an nasc idir an topaic seo agus an fíorshaol?"
- Cuir aon tasc athmhachnaimh amháin le gach téarma chun cuidiú le scoláirí féinfheasacht a thógáil
- Comhroinn a bhfuil á dhéanamh agat leis an bhfoireann treorach, neartaíonn sé plean treorach scoile uile atá ag ár scoil! Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as an leidbhileog pleanála seo chun taifead a choinneáil ar a bhfuil ar siúl cheana féin.

## Gníomhartha Beaga, Tionchar Mór


- Cuir póstaer gairmthreorach a bhaineann le d'ábhar ar taispeáint.
- Iarr ar iarscoláirí labhairt ar a gconairí gairme.
- Treisigh scileanna is féidir le scoláirí a úsáid lasmuigh den scoil: teacht aniar, taighde, ceannaireacht...

## Cumasaíonn do Ról Todhchaí Scoláirí

Tá TSU ionchuimsitheach, forbarthach agus solúbtha. Is féidir le gach ball foirne cur le cultúr ina mhothaíonn scoláirí go bhfeictear iad, go dtacaítear leo agus go n-ullmhaítear iad don saol i ndiaidh na scoile.
Déanaimis treoir sofheicthe, athmhachnamhach agus fíor.
An bhfuil tacaíocht uait nó ar mhaith leat tuilleadh cuidithe a thabhairt? Déan nasc leis an bhfoireann pleanála um TSU nó leis an Treoirchomhairleoir i do scoil.

**NÍ RUD BREISE Í AN TREOIR. TÁ SÍ AG TARLÚ CHEANA FÉIN. NUAIR A THUGAIMID AINM DI, BÍONN LUACH AG SCOLÁIRÍ UIRTHI**

Tá TSU á cur chun cinn i scoileanna iar-bhunscolaíochta le roinnt mhaith blianta anuas. Is samplaí de threoir scoile uile atá ina gcuid de shaol na scoile le lear blianta anuas iad gníomhaíochtaí amhail seachtain scileanna staidéir, laethanta blaiste ábhar Idirbhliana, ullmhú do thaithí oibre agus athmhachnamh a dhéanamh ar thaithí oibre.  Aithnítear i TSU go bhfuil ról ag gach ball foirne scoile i dtreoir a thabhairt do scoláirí agus ba cheart é sin a aithint agus a léiriú iontu seo: i. plean treorach scoile uile de chuid scoile, agus ii. pleananna roinne ábhair aonair. Is leagtha amach in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 de Nóta Faisnéise 0001/2024. samplaí de dhóigheanna a bhféadfaí é sin a bhaint amach




*Arna oiriúint ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda, Fís Nua don Oideachas, 2015.*

I saol an lae inniu atá ag athrú go gasta, tá níos mó ná eolas de dhíth ar scoláirí, tá na scileanna de dhíth orthu chun athrú, comhoibriú, smaoineamh go criticiúil, cumarsáid shoiléir a dhéanamh agus iad féin a bhainistiú. Seo iad na scileanna 21ú haois a bhfuil luach ag fostóirí orthu agus atá de dhíth ar dhaoine óga le bheith faoi bhláth san fhoghlaim, san obair agus sa saol.

Nuair a chuidímid le scoláirí na scileanna atá a dtógáil acu a athint agus athmhachnamh a dhéanamh orthu, bíodh sin trí thionscadal eolaíochta, phléghrúpa nó ag bainistiú a gcuid ama, tugaimid na huirlisí dóibh a dtodhchaí féin a mhúnlú le muinín agus soiléireacht.

Mar gheall ar scileanna a dhéanamh sofheicthe agus lánbhrí inár n-ábhair, ní hamháin go dtógaimid inniúlacht ach tógaimid dúthracht, an creideamh go bhfuil "rud éigin le tairiscint agam, agus tá a fhios agam an dóigh le fás".

**Is ann don treoir scoile uile sna nóiméid seo. Siad le scoláirí nasc a dhéanamh idir an duine atá iontu agus an duine a d'fhéadfadh a bheith iontu.**



**BUNINNIÚLACHTAÍ**

An chaoi a gcuireann scoláirí croíscileanna i bhfeidhm ar thascanna an uile lae

| Scileanna | Ábhair | Samplaí |
|---|---|---|
| Litearthacht | Béarla, Stair, NTI | Díospóireachtaí, aistí, scríbhneoireacht tuarascálacha, tuiscint ar fhoinsí eolais |
| Uimhearthacht | Mata, Gnó, Eolaíocht | Buiséadú, sonraí a léirmhíniú, anailís staitistiúil. |
| Inniúlacht Eolaíoch | Eolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Tíreolaíocht | Turgnaimh a dhearadh, anailís a dhéanamh ar shonraí sláinte/timpeallacht. |
| Inniúlacht Dhigiteach | Na Meáin Dhigiteacha, Ríomheolaíocht, Modúil na hIdirbhliana | Uirlisí táirgiúlachta a úsáid, cuir i láthair digiteacha a chruthú, taighde sábháilte ar líne. |
| Inniúlacht Airgeadais | Gnó, Mata, Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta (GCAT roimhe seo) | Ioncam vs. costais, coigiltis vs. iasachtaí, duillíní pá a thuiscint. |
| Civic & Cultural Literacy | OSSP, Reiligiún, OSPS, NTI | Cúrsaí sóisialta a fhiosrú, tuiscint chultúrtha ar shaoránacht ghníomhach. |

**liostaítear na hábhair mar shamplaí ach níl an liosta teoranta do na réimsí seo amháin ar dhóigh ar bith*

## INNIÚLACHTAÍ
AN CHAOI A DTUGANN SCOLÁIRÍ FAOI DHÚSHLÁIN CHASTA

| **Scileanna** | **Ábhair*** | **Samplaí** |
|---|---|---|
| Smaointeoireacht Chriticiúil / Réiteach Fadhbanna | Mata, Eolaíocht, Gnó, Stair | Fadhbanna oscailte a réiteach, foinsí a mheas, turgnaimh a dhearadh.. |
| Cruthaitheacht | Ealaín, Béarla, Ceol, Teicneolaíocht | Ábhar bunaidh a chruthú, dúshláin do dhearadh nuálach, scríbhneoireacht chruthaitheach.. |
| Cumarsáid | Béarla, NTI, OSPS | Óráidí, agallaimh, cuir i láthair ghrúpa, líofacht ó bhéal. |
| Comhoibriú | Gach ceann (tionscadail grúpa go háirithe) | Tascanna foirne, aiseolas piara, dúshláin fiontraíochta nó ETIEM. |

**liostaítear na hábhair mar shamplaí ach níl an liosta teoranta do na réimsí seo amháin ar dhóigh ar bith.*

### Noda d'Athmhachnamh Scoláirí

"Cén scil a d'úsáid mé inniu?"
"Cad é mar a bhaineann sin leis an bhfíorshaol nó leis an obair?
"Cén post nó ghairm ina n-úsáidtear an sórt smaointeoireachta a d'úsáid mé sa tasc seo?"
"Cad é a thug mo dhúshlán inniu, agus cad é mar a thug mé aghaidh air?"
"Cad é a dhéanfainn ar dhóigh eile an chéad uair eile?"
"Cad é scil amháin ba mhaith liom tógáil air?"
"Cén tionchar a bhí ag mo smaointe maidir le hábhair, cúrsaí agus gairmeacha sa todhchaí air sin?"

**Tá Guth agus Athmhachnamh an Scoláire Lárnach**

Áirítear i TSU scoláirí a chumasú chun athmhachnamh a dhéanamh ar a scileanna, a roghanna agus ar a bhfás.
Spreagann athmhachnamh dúthracht, an mothú go bhfuil smacht agat ar do thodhchaí.

**TRÉITHE PEARSANTACHTA**
AN CHAOI A DTUGANN SCOLÁIRÍ FAOINA DTIMPEALLACHT ATÁ AG ATHRÚ

| Scileanna | Ábhair* | Samplaí |
|---|---|---|
| Fiosracht | Eolaíocht, Tíreolaíocht, Idirbhliain, OSPS, | Fiosrúcháin faoi stiúir na scoláirí, obair allamuigh, mionstaidéar topaicí. |
| Treallús | Gnó, Idirbhliain, Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta (GCAT roimhe seo) | Mion-chomhlacht, tionscadal pearsanta, ceannaireacht in obair ghrúpa. |
| Dianseasmhacht / Misneach | Corpoideachas, Mata, Ceol | Ag obair trí dhúshláin, cleachtadh le himeacht ama, feidhmíocht a fheabhsú. |
| Solúbthacht | TFC, Obair Ghrúpa, Folláine | Ag déileáil le hathrú i dtionscadal nó in uirlisí digiteacha, ag bainistiú aiseolais |
| Ceannaireacht | OSSP, Idirbhliain, Róil mar Cinnirí/Comhairle na Scoláirí | A bheith i gceannas ar fheachtais, cuir i láthair ghrúpa, meantóireacht. |
| Feasacht Shóisialta agus Chultúrtha | Stair, Reiligiún, NTI | Ag foghlaim faoi fhéiniúlachtaí, luachanna agus mheonta domhanda atá éagsúil. |

**liostaítear na hábhair mar shamplaí ach níl an liosta teoranta do na réimsí seo amháin ar dhóigh ar bith*

Nuair a mhothaíonn gach scoláire gach bhfeictear iad, go gcluintear iad agus go ndéantar ionadaíocht orthu ina bhfuil á fhoghlaim acu, éiríonn siad níos muiníní, níos spreagtha agus níos gafa. Cuidíonn TSU ionchuimsitheach le scoláirí féiniúlacht, dúthracht agus uaillmhian a thógáil – beag beann ar a gcúlra nó ábaltacht.

## Tá Cuimsiú Riachtanach i dTreoir Scoile Uile

Tá Treoir na Scoile Uile (TSU) do gach scoláire.
Is cuma iad a bheith ar chonair shoiléir nó go fóill ag fiosrú, baineann scoláirí leas as tacaíocht sheasmhach, ionchuimsitheach le linn a gcuid ama ar scoil.
Chun seo a bhaint amach, ní mór do leanúntas na tacaíochta a bheith le feiceáil i bplean TSU do scoile

### Treoir co Chách (Uilioch)

Ar fáil trí ábhair, OSPS, Folláine, agus idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta
Scileanna don fhoghlaim agus don saol (m.sh. athmhachnamh, cumarsáid, féinbhainistiú)
Comhráite agus gníomhaíochtaí sa rang a bhaineann le gairmeacha
Teanga ionchuimsitheach, samplaí, agus feiceálacht ar chonairí
Sampla: Scríobhann gach scoláire athmhachnamh i ndiaidh grúpthionscadail sa Stair nó san Eacnamaíocht Bhaile

### Treoir do Roinnt Scoláirí (Dírithe)

Á cur ar fáil trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí beaga
Tacaíochtaí na hIdirbhliana, nó tionscadail atá dírithe ar ghairmeacha,
Meantóireacht atá sainiúil d'ábhar
Ullmhúchán do agus athmhachnamh ar obair na hIdirbhliana agus ATF
Tacaíocht dhírithe do scoláirí ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht
Sampla: Freastalaíonn grúpa scoláirí ar cheardlann ar phrintíseachtaí nó ar roghanna Breisoideachais bunaithe ar shuimeanna.

### Treoir don Bheagán (Saincheaptha don duine aonair)

Á cur ar fáil trí sheisiúin treorach aghaidh ar aghaidh
Tacaíochtaí RSO, agus pleanáil phearsanta
Tacaíocht le haistrithe, iarratais ar Lár-Oifig Iontrála / Breisoideachas agus Oiliúint
Comhairle shaincheaptha bunaithe ar riachtanais phearsanta, oideachais nó ghairme

Sampla: Buaileann scoláire leis an treoirchomhairleoir ar mhaithe le tacaíocht a fháil leis an iarratas ar an scéim Bealach Rochtana ar Ardoideachas (BRA).

### Ionchuimsiú a Leabú i dTeagasc an Uile Lae

Is féidir le gach ball foirne ionchuimsiú a chur chun cinn trí Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim:
-Bain úsáid as teanga agus íomhánna intuigthe in áiseanna
-Cuir ábhar ar fáil i bhformáid éagsúla (téacs, físeán, plé, íomhánna)
-Léirigh ilchineálacht i samplaí, i dtéacsanna agus i roghanna do thionscadail
-Mol dóigheanna éagsúla ar féidir le scoláirí a gcuid foghlama a chur in iúl

**Déan seiceáil: I d'ábhar...**

An bhfeiceann scoláirí rólchuspaí éagsúla nó an gcluineann siad guthanna éagsúla?

An bhfuil gach conair infheicthe? (Breisoideachas agus Oiliúint, printíseachtaí, Céimeanna Treasacha, Ardoideachas..)?

An bhfuil roghanna ann don athmhachnamh a oibríonn d'fhoghlaimeoirí éagsúla?

**Cé Ba Cheart a Bheith ar an bhFoireann Pleanála do Treoir Scoile Uile?**

Aibhsítear i gCiorclán 0001/2025 go bhfuil TSU: "ina dualgas ar phobal iomlán na scoile." Ba cheart do gach scoil foireann a chur le chéile, ar a dtugtar foireann treoir scoile uile chun plean TSU a dhearadh agus a fhorbairt le chéile.

**D'fhéadfadh leo seo a leanas a bheith mar chuid d'fhoireann pleanála láidir TSU:**

- **Treoirchomhairleoir(í)** – saineolas i bhforbairt phearsanta/shóisialta, oideachais agus ghairme.
- **Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach** – ceannaireacht agus ailíniú polasaí
- **Comhordaitheoirí OSPS / Folláine / na hIdirbhliana** – nasc le tréadchúram agus curaclam
- **Múinteoirí ábhair –** foghlaim 21ú haois agus foghlaim a bhaineann le gairmeacha a imeascadh
- **Comhordaitheoir RSO** – rochtain ionchuimsitheach ar chonairí agus pleanáil do riachtanais aonair
- **Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail / Clár Críochnaithe Scolaíochta / Séiplíneach** – caidrimh láidre le scoláirí agus rannphairtíocht le teaghlaigh

Ní mór do gach scoil plean TSU a bheith acu ina leagtar amach an dóigh a ndéantar treoir a pleanáil, a stiúradh agus a chur i láthair ar fud ábhar, folláine, agus gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim. Ba cheart athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar an bplean, bunaithe ar riachtanais na scoláirí agus na dtuismitheoirí.

Cuimsíonn foireann pleanála TSU atá láidir fíorshuim i bhforbairt na scoláirí leis an léargas, an comhoibriú agus an tionscnaíocht atá de dhíth chun treoir a léiríonn riachtanais ar leith phobail na scoile a mhúnlú

Amharc ar ár **Padlet TSU** chun tuilleadh eolais agus tacaíochtaí a fháil maidir le TSU, lena n-áirítear taifeadtaí ónár sraith de sheimineáir ghréasáin.

Is féidir **Tacaíocht Scoileanna** a iarraidh do threoir trí do Phríomhoide inar féidir le cuairt ar do scoil agus/nó tacaíocht leanúnach a bheith san áireamh.

Tá stór áiseanna agus tacaíochtaí, atá ag fás i rith ama, ar ár **suíomh gréasáin Treorach de chuid Oide.**

**Lean muid ar X** ag Oide_Guidance.

Is cleachtas í Treoir Scoile Uile atá beo agus ag forbairt.
Neartaítear í trí theanga chomhroinnte, iarracht chomhroinnte, agus trí chomhchreideamh i gcumas gach scoláire.
Tá súil againn gur thug an t-eagrán seo léargais úra, uirlisí praiticiúla agus fuinneamh athnuaite maidir le tacú lenár scoláirí, ní hamháin le go n-éireoidh leo ach le go mbeidh siad faoi bhláth. Tá buíochas ar leith ag dul do Cheannaire Foghlama Gairmiúla, Marie Cumiskey as a cuid oibre chun an t-eagrán seo den nuachtlitir a fhorbairt. Cuir in iúl dúinn aon rud ba mhaith leat a fheiceáil sa nuachtlitir amach anseo! Bain úsáid as an gcod MF thíos chun do smaointe ar thopaicí do nuachtlitreacha ó Threoir Oide sa todhchaí a chomhroinnt

Foireann Treorach Oide,
*Joanne, Ginéad and Niamh*

